FSSU
Financial Support Services Unit

Emmet House, Milltown, Dublin 14
Tel: 01 2690677 Email: info@fssu.ie

# Financial Guideline 2020/2021 - 26

## Voluntary Secondary Schools
## and
## Community & Comprehensive Schools

# Impact of Brexit on purchasing goods from Great Britain

*This guideline supersedes guidelines 26 2018/2019 "Preparing for Brexit".*

## 1. Introduction

From 1st January 2021, Brexit and new customs rules means you may have to pay taxes and duties such as customs duty and VAT when you buy from a Great Britain business (except Northern Ireland).

## 2. Purchase of goods from outside the EU (including Great Britain but excluding Northern Ireland)

Goods imported into the State by a school, from outside the European Union (including Great Britain but excluding Northern Ireland) are subject to VAT at the point of entry, at the appropriate Irish VAT rate. Since the 1st of January 2021, goods purchased from Great Britain are now considered **imported goods.**

Many of the larger Great Britain retailers will apply customs charges when you purchase your goods online, so no action is required by you before delivery.
For example, when buying from Amazon UK **after Brexit,** Irish shoppers will see an extra item at checkout on Amazon UK called the Import Fees Deposit. This is a combination of Irish VAT and any customs duties that are due.

Amazon charges you the import fees and will arrange for them to be paid on your behalf to Irish Revenue. Therefore – no further charges will be requested in Ireland by An Post or couriers.

If you purchase from a Great Britain retailer who does not include the customs charges as part of the purchase cost, then the following will apply.

- For goods being imported **by An Post:**
  An Post will notify you if a parcel sent to you has incurred customs charges and you will need to pay the charges to An Post, online or in a Post Office, to receive the parcel.

- For goods being imported **by courier**:
  The courier will calculate the amount of charges you owe.
  Most couriers pay the import charges directly to Revenue on your behalf and recoup the import charges from you on delivery of the parcel.

You must pay these charges to An Post or the courier before they will release your goods to you.

### 3. Purchase of goods from Northern Ireland

There will be no customs charges for goods originating in Northern Ireland.

### 4. Economic Operators Registration and Identification number (EORI)

Where a school is not commercially trading in imported goods **it should not register for an EORI number.** If you have already registered and obtained an EORI number, you should contact Revenue to let them know you do not require one and would like to deregister. You can do this through MyEnquiries, using the following headings: tax reference type "Customs & Excise", enquiry relates to "Customs", and more specifically "Economic Operators Registration (EORI)".

Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

19th May 2021

Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14
Guthán: 01 2690677 R-phost: info@fssu.ie

# Treoirlíne Airgeadais 2020/2021 - 26

**Meánscoileanna Deonacha**
**agus**
**Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha**

## Tionchar Brexit ar earraí a cheannach ón Ríocht Aontaithe

*Tá an treoirlíne seo ag dul in ionad threoirlínte 26 2018/2019 "Ag Ullmhú i gcomhair Brexit".*

### 1. Réamhrá

Ón 1 Eanáir 2021, mar thoradh ar Brexit agus rialacha custam nua, d'fhéadfadh go mbeadh ort cánacha agus dleachtanna amhail dleacht chustam agus CBL a íoc nuair a cheannaíonn tú earraí ó ghnóthas sa Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart na hÉireann).

### 2. Ceannach earraí ó lasmuigh den AE (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe ach gan Tuaisceart na hÉireann san áireamh)

I gcás earraí arna n-iompórtáil ag scoil isteach sa Stát ó lasmuigh den Aontas Eorpach (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe ach gan Tuaisceart na hÉireann san áireamh, tá na hearraí sin faoi réir CBL ag an bpointe iontrála de réir ráta CBL ábhartha na hÉireann. Ón 1 Eanáir 2021 i leith, measfar gur **earraí iompórtáilte** iad earraí a cheannaítear ón Ríocht Aontaithe.

An-chuid de na miondíoltóirí móra sa Ríocht Aontaithe, gearrfaidh siad táillí custam ort nuair nuair a cheannaíonn tú d'earraí ar líne, mar sin ní gá duit aon rud a dhéanamh sula seachadtar iad.
Mar shampla, agus iad ag ceannach ó Amazon na Ríochta Aontaithe **tar éis Brexit,** feicfidh siopadóirí Éireannacha mír bhreise ag an gcuntar amach ar Amazon na Ríochta Aontaithe, a dtugtar Éarlais Táillí Iompórtála uirthi. Is meascán é sin de CBL na hÉireann agus aon dleachtanna custam atá dlite.

Gearrann Amazon na táillí iompórtála ort agus socróidh siad go n-íocfar iad thar do cheann leis na Coimisinéirí Ioncaim. Mar sin – ní iarrfaidh An Post nó seirbhísí cúiréireachta in Éirinn aon táillí breise ort.

Ach má cheannaíonn tú earraí ó mhiondíoltóir sa Ríocht Aontaithe nach n-áiríonn na táillí custam mar chuid den chostas ceannaigh, is gá an méid seo a leanas a thabhairt do d'aire.

- I gcás earraí atá á n-iompórtáil ag **An Post:**
  Cuirfidh An Post ar an eolas thú más amhlaidh atá táillí custam tabhaithe ag beart a seoladh chugat, agus beidh ort na táillí a íoc le An Post, ar líne nó in Oifig Poist, chun gur féidir leat an beart a fháil.

- I gcás earraí atá á n-iompórtáil ag **seirbhís cúiréireachta**:
  Ríomhfaidh an tseirbhís cúiréireachta an méid táillí atá dlite uait.
  Mórchuid na seirbhísí cúiréireachta, íocann siad na táillí iompórtála díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim thar do cheann agus aisghabhann siad na táillí iompórtála sin uaitse nuair a sheachadann siad an beart.

Is gá duit na táillí sin a íoc le An Post nó leis an tseirbhís cúiréireachta sula dtabharfaidh siad na hearraí duit.

### 3. Ceannach earraí ó Thuaisceart na hÉireann

Ní bheidh aon táillí custam ann i gcás earraí a thagann as Tuaisceart na hÉireann.

### 4. Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI)

I gcás scoil nach bhfuil ag trádáil earraí iompórtála ar bhonn tráchtála, **<u>ní ceart</u> don scoil sin clárú le haghaidh uimhir EORI**. Má tá tú tar éis clárú agus má tá uimhir EORI faighte agat cheana, moltar duit dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun a thabhairt le fios dóibh nach bhfuil ceann uait agus gur mhaith leat díchlárú. Féadann tú amhlaidh a dhéanamh trí M'Fhiosruithe, agus leas a bhaint as na ceannteidil seo a leanas chuige sin: cineál tagartha cánach "Custaim & Mál", baineann an fiosrú le "Custaim", agus go sonrach, le "Clárú Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI)".

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

An 19 Bealtaine 2021